Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8425/26**

**TRANS 238**
**TELECOM 182**
**IND 268**
**CODEC 725**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 21 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 165 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>i dtaca le cur chun feidhme Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 165 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 165 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.4.2026
COM(2026) 165 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**i dtaca le cur chun feidhme Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair**

{SWD(2026) 117 final}

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

## i dtaca le cur chun feidhme Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le creat chun Córais Chliste Iompair a chur chun úsáide i réimse an iompair de bhóthar agus le haghaidh comhéadain le modhanna eile iompair

Clár


1 RÉAMHRÁ AGUS COMHTHÉACS ..... 3

2 STÁDAS CHUR CHUN FEIDHME THREOIR 2010/40/AE ..... 4

2.1 Gníomhartha tarmligthe maidir le sonraíochtaí agus reachtaíocht ghaolmhar ..... 4

2.2 Clár oibre nua don tréimhse 2024-2028 ..... 7

2.3 Caighdeáin ..... 9

2.4 Rialacha maidir le cosaint sonraí agus le príobháideachas ..... 10

2.5 Rialacha maidir le dliteanas ..... 10

2.6 Tuairisciú na mBallstát ..... 10

2.6.1 Rialacha nua maidir le tuairisciú ..... 10

2.6.2 An méid a foghlaimíodh ón anailís ar thuarascálacha na mBallstát ..... 11

2.7 An Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair ..... 17

3 BEARTA TACAÍOCHTA AGUS COMHAR ..... 17

4 ACMHAINNÍ AIRGEADAIS A ÚSÁIDTEAR AGUS A BHFUIL GÁ LEO ..... 19

5 CONCLÚID ..... 20

## 1 RÉAMHRÁ AGUS COMHTHÉACS

Is í an tuarascáil seo an chéad tuarascáil ó glacadh Treoir (AE) 2023/2661 an 22 Samhain 2023 lena leasaítear Treoir 2010/40/AE ('an Treoir maidir le córais chliste iompair'), ar ghá do na Ballstáit í a thrasuí faoin 21 Nollaig 2025. De bhun Airteagal 17(4) den Treoir leasaithe maidir le córais chliste iompair, ní mór don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca le cur chun feidhme na Treorach agus a gníomhartha tarmligthe, tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis na dtuarascálacha náisiúnta CCI ar ghá do na Ballstáit iad a chur in iúl don Choimisiún faoin 21 Márta 2025[1].

Saothraíodh roinnt cuspóirí leis an leasú ar an Treoir maidir le córais chliste iompair. Sainaithníodh iad tríd an meastóireacht *ex post* ar an Treoir[2] agus tríd an dara tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún[3] chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le córais chliste iompair, agus rinneadh measúnú breise orthu sa mheasúnú tionchair[4] a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir lena leasaítear an Treoir maidir le córais chliste iompair[5]. Ba iad seo a leanas na cuspóirí: (i) feabhas a chur ar an gcomhordú a thuilleadh a mhéid a bhaineann le hinrochtaineacht na sonraí; (ii) teacht chun cinn téamaí agus dúshláin nua CCI a chur san áireamh; agus (iii) feabhas a chur ar infhaighteacht príomhchineálacha sonraí don ghréasán iompair de bhóthar ina iomláine.

Leis na leasuithe ar an Treoir maidir le córais chliste iompair, tugadh isteach roinnt ceanglas nua maidir le slándáil an chórais iompair chliste chomhoibrithigh (CCI-C), bearta eatramhacha le haghaidh staideanna éigeandála, comhar sainordaitheach idir na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, infhaighteacht na sonraí agus cur in úsáid seirbhísí, agus simpliú an tuairiscithe ar an Treoir agus ar a gníomhartha tarmligthe araon, lena n-áirítear teimpléad coiteann agus príomhtháscaire feidhmíochta (PTFanna) coiteanna a bhunú. Cuireadh dhá iarscríbhinn isteach, lena mbunaítear liostaí de chineál sonraí agus seirbhísí a mheastar a bheith ríthábhachtach chun CCI a chur in úsáid. Aithníodh ról na bpointí rochtana náisiúnta[6] freisin maidir le hinrochtaineacht na sonraí.

Rinneadh na ceithre réimse tosaíochta den Treoir maidir le córais chliste iompair a athshainiú agus a atheagrú ina gceithre chatagóir seirbhísí lena n-aithnítear téamaí agus dúshláin nua CCI, amhail soghluaisteacht ar éileamh agus soghluaisteacht chomhoibritheach, nasctha agus uathoibrithe, agus á áirithiú go leanfar de raon feidhme na ngníomhartha tarmligthe atá ann cheana a chumhdach.

Treisíodh ról an Choiste Eorpaigh um Chórais Chliste Iompair, go háirithe tríd an nós imeachta scrúdúcháin a chur i bhfeidhm chun cláir oibre nua CCI a ghlacadh agus tríd an teimpléad agus PTFanna a chur i bhfeidhm le haghaidh thuairisciú na mBallstát. Neartaíodh ról an Ghrúpa

[1] Tá tuarascálacha náisiúnta CCI ar fáil ar https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/smart-mobility/road/its-directive-and-action-plan/its-national-reports_en.
[2] SWD(2019) 369 final.
[3] COM(2019) 464 final.
[4] SWD(2021) 474 final.
[5] COM(2021) 813 final.
[6] https://transport.ec.europa.eu/transport-themes/smart-mobility/road/its-directive-and-action-plan/national-access-points_en.

Chomhairligh Eorpaigh um Chórais Chliste Iompair freisin trí chéim chomhairliúcháin éigeantach a chur leis sular glacadh cláir oibre CCI.

Mar a cheanglaítear faoin Treoir leasaithe maidir le Córais Chliste Iompair, ghlac an Coimisiún na cinntí seo a leanas in 2024:

- Cinneadh ón gCoimisiún an 22 Márta 2024 lena leasaítear Cinneadh 2011/C 135/03 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann lena infheidhmeacht, le cúraimí an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Chórais Chliste Iompair agus le trédhearcacht a chuid oibríochtaí[7].
- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 11 Samhain 2024 lena leagtar síos an teimpléad lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta le haghaidh thuairisciú na mBallstát faoi Threoir 2010/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8]. Leis an gCinneadh seo, aisghairtear iar-Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 13 Iúil 2011 lena nglactar treoirlínte le haghaidh thuairisciú na mBallstát agus cuirtear é ina ionad[9]. Ullmhaíodh treoirdhoiciméad maidir le PTFanna CCI don Aontas freisin le saineolaithe ó na Ballstáit in 2024[10].
- Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 12 Samhain 2024 lena mbunaítear clár oibre le haghaidh Threoir 2010/40/AE don tréimhse 2024-2028[11] (clár oibre CCI 2024-2028).

Tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an tuarascáil seo ina ndéantar anailís ar thuarascálacha náisiúnta CCI 2025, lena n-áirítear infhaighteacht na gcineálacha sonraí ríthábhachtacha a liostaítear in Iarscríbhinn III agus cur in úsáid na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le córais chliste iompair, arna soláthar ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 17(1) den Treoir maidir le córais chliste iompair. Déantar anailís sa doiciméad inmheánach oibre freisin ar na PTFanna arna soláthar ag na Ballstáit ina dtuarascálacha.

## 2 Stádas chur chun feidhme Threoir 2010/40/AE

### 2.1 Gníomhartha tarmligthe maidir le sonraíochtaí agus reachtaíocht ghaolmhar

Ó foilsíodh an dara tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún, rinneadh roinnt athruithe móra ar na sonraíochtaí a glacadh faoin Treoir maidir le córais chliste iompair. Is é seo a leanas an stádas atá ann faoi láthair:

**Gníomhaíocht tosaíochta (a) – soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais:** an 31 Bealtaine 2017, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 lena bhforlíontar an Treoir maidir le córais chliste iompair i dtaca le soláthar seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach ar fud an Aontais[12]. Cumhdaíodh leis na sonraíochtaí sin na coinníollacha maidir le cur in úsáid na seirbhísí a chumasú, amhail inrochtaineacht

[7] IO C, C/2024/2348, 27.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2348/oj.
[8] IO L, 2025/264, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/264/oj.
[9] IO L 193, 23.7.2011, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2011/453/oj.
[10] Ar fáil ar thuarascálacha náisiúnta CCI - Soghluaisteacht agus Iompar - an Coimisiún Eorpach..
[11] IO C, C/2024/6798, 13.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6798/oj.
[12] IO L 272, 21.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/1926/oj.

sainordaitheach na sonraí statacha atá ann cheana trí phointí rochtana náisiúnta, agus forálacha maidir le seirbhísí faisnéise iompair a nascadh.

Mar a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Straitéis Chuimsitheach um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste[13], leasaíodh na sonraíochtaí le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/490[14] a ghlac an Coimisiún an 29 Samhain 2023. Leis na sonraíochtaí leasaithe, ceanglaítear ar shealbhóirí sonraí rochtain a thabhairt ar shonraí dinimiciúla atá ann cheana (e.g. faisnéis fíor-ama amhail cur isteach) trí na pointí rochtana náisiúnta. Leathnaítear an fhoráil sin chuig cineálacha sonraí breise freisin, mar shampla maidir le cé acu is féidir nó nach féidir rothair a thabhairt ar thraein agus i dtaca le hinrochtaineacht do phaisinéirí faoi mhíchumas nó do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ag brath ar an gcineál sonraí agus ar an gclúdach geografach, rinneadh cur chun feidhme na sonraíochtaí a chéimniú go dtí an 1 Nollaig 2028.

**Gníomhaíocht tosaíochta (b) – soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais:** an 18 Nollaig 2014, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 lena bhforlíontar an Treoir maidir le córais chliste iompair i dtaca le soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais[15]. Leis na sonraíochtaí, bhí sé beartaithe inrochtaineacht, malartú, athúsáid agus nuashonrú sonraí bóithre agus tráchta ag údaráis bóithre, oibreoirí bóithre agus soláthraithe seirbhísí a áirithiú le haghaidh soláthar seirbhísí faisnéise tráchta fíor-ama ar fud an Aontais.

Rinneadh athbhreithniú ar na sonraíochtaí sin trí Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/670 a ghlacadh an 2 Feabhra 2022[16], lenar aisghaireadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/962 ón 1 Eanáir 2025. Leis an athbhreithniú, cuireadh cineálacha sonraí leis an liosta de na sonraí atá ann cheana a cheanglaítear ar shealbhóirí sonraí a chur ar fáil trí na pointí rochtana náisiúnta, agus leathnaíodh raon feidhme geografach na sonraíochtaí chun gréasán bóithre iomlán an Aontais a chumhdach, seachas bóithre príobháideacha. Tugadh isteach leis freisin oibleagáid ar sholáthraithe seirbhíse sonraí a áireamh ina gcuid seirbhísí, gan costais bhreise don úsáideoir deiridh, maidir le haon phlean cúrsaíochta tráchta agus rialacháin agus srianta tráchta arna gcur chun feidhme ag na húdaráis inniúla agus arna gcur ar fáil trí na pointí rochtana náisiúnta. Ag brath ar an gcineál sonraí agus ar an gclúdach geografach, rinneadh cur chun feidhme na sonraíochtaí a chéimniú idir an 1 Eanáir 2023 agus an 31 Nollaig 2027.

**Gníomhaíocht tosaíochta (c) – sonraí agus nósanna imeachta chun íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre, i gcás inar féidir, a sholáthar saor in aisce d'úsáideoirí:** an 15 Bealtaine 2013, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 886/2013 lena bhforlíontar an Treoir maidir le córais chliste iompair i dtaca le sonraí agus nósanna imeachta chun íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a sholáthar, i gcás inar féidir, saor in aisce d'úsáideoirí[17]. Tá an t-athbhreithniú ar na sonraíochtaí sin beartaithe i gclár oibre CCI 2024-2028 (féach thíos).

**Gníomhaíocht tosaíochta (d) – soláthar comhchuibhithe le haghaidh eCall idir-inoibritheach ar fud an Aontais:** an 26 Samhain 2012, ghlac an Coimisiún Rialachán

[13] COM/2020/789 final.
[14] IO L, 2024/490, 13.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/490/oj.
[15] IO L 157, 23.6.2015, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/962/oj.
[16] IO L 122, 25.4.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2022/670/oj.
[17] IO L 247, 18.9.2013, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/886/oj.

Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013 maidir leis an soláthar chomhchuibhithe le haghaidh eCall idir-inoibritheach ar fud an Aontais[18].

Thairis sin, glacadh Cinneadh Uimh. 585/2014/AE[19] an 15 Bealtaine 2014 agus glacadh Rialachán (AE) 2015/758[20] an 29 Aibreán 2015. Cuireadh iad sin leis an gcreat faoin Treoir maidir le córais chliste iompair trí fhoráil a dhéanamh maidir le cur in úsáid sainordaitheach na bpointí freagartha sábháilteachta poiblí eCall (PFSPanna eCall) agus an trealamh sainordaitheach le haghaidh cineálacha nua feithiclí de chatagóir M1 nó N1 (féach an dara tuarascáil ar dhul chun cinn ón gCoimisiún chun tuairisc níos mionsonraithe a fháil ar an reachtaíocht sin).


An 6 Feabhra 2024, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1084[21] lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 305/2013. Ceanglaíodh leis sin ar PFSPanna tacú le glaonna eCall a fháil agus a láimhseáil trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí cumarsáide paicéadlasctha is nua (4G/5G) ón 1 Eanáir 2026. Ar an gcaoi chéanna, an 14 Feabhra 2024 ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1180[22] lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall, agus an 23 Iúil 2025 ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1871[23] lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/758 a mhéid a bhaineann leis na caighdeáin a bhaineann le eCall agus lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/79[24] a mhéid a bhaineann leis na ceanglais theicniúla agus na nósanna imeachta tástála chun mótarfheithiclí atá feistithe le córais eCall infheithicle atá bunaithe ar 112 a cheadú.

**Gníomhaíocht tosaíochta (e) – seirbhísí faisnéise a sholáthar le haghaidh áiteanna páirceála sábháilte slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (clár maidir le hiompar sábháilte inbhuanaithe):** an 15 Bealtaine 2013, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 885/2013 lena bhforlíontar an Treoir maidir le córais chliste iompair i dtaca le seirbhísí faisnéise a sholáthar le haghaidh áiteanna páirceála sábháilte slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála[25]. Déantar foráil maidir leis an athbhreithniú ar na sonraíochtaí sin i gclár oibre CCI 2024-2028 (féach thíos).

**Gníomhaíocht tosaíochta (f) – seirbhísí áirithinte a sholáthar le haghaidh áiteanna páirceála sábháilte slána do thrucailí agus d'fheithiclí tráchtála (clár maidir le hiompar sábháilte inbhuanaithe):** chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit agus leis na príomhpháirtithe leasmhara maidir leis an ngníomhaíocht tosaíochta sin, lena n-áirítear nuair a bhí an clár oibre CCI is déanaí don tréimhse 2024-2028 á phlé aige. Mar thoradh air sin, thángthas ar an gconclúid nach raibh aon ghá ag an gcéim seo le sonraíochtaí ná caighdeáin maidir le limistéir pháirceála a chur in áirithe.

[18] IO L 91, 3.4.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/305/oj.
[19] IO L 164, 3.6.2014, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/585(2)/oj.
[20] IO L 123, 19.5.2015, lch. 77, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/758/oj.
[21] IO L, 2024/1084, 12.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1084/oj.
[22] IO L, 2024/1180, 19.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1180/oj.
[23] IO L, 2025/1871, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1871/oj.
[24] IO L 12, 17.1.2017, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/79/oj.
[25] IO L 247, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2013/885/oj.

I dteannta sonraíochtaí le haghaidh ghníomhaíochtaí tosaíochta na Treorach maidir le córais chliste iompair, ghlac an Coimisiún Rialachán Tarmligthe[26] maidir le cur in úsáid agus úsáid oibríochtúil na gcóras cliste iompair comhoibritheach (CCI-C) an 13 Márta 2019. Chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in aghaidh an Rialacháin Tharmligthe seo, nár tháinig i bhfeidhm. Déantar foráil maidir le tionscnamh nua le haghaidh sonraíochtaí CCI-C i gclár oibre CCI 2024-2028 (féach thíos).




## 2.2 Clár oibre nua don tréimhse 2024-2028

Ó tháinig an Treoir maidir le córais chliste iompair i bhfeidhm in 2010, chuir an Coimisiún an chéad chlár oibre chun feidhme[27], inar díríodh go príomha ar shonraíochtaí a ghlacadh le haghaidh na ngníomhaíochtaí tosaíochta faoin Treoir. Tugadh an clár oibre sin cothrom le dáta ina dhiaidh sin, do na tréimhsí 2017-2022 [28] agus 2022-2027[29], lena n-áirítear gníomhaíochtaí nua faoi Airteagal 6(3) den Treoir agus go háirithe, bhíothas in ann athbhreithniú a dhéanamh ar shonraíochtaí a bhí ann cheana.

I gcomhréir le hAirteagal 4a den Treoir leasaithe maidir le córais chliste iompair, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme lena mbunaítear clár oibre nua CCI don tréimhse 2024-2028 an 12 Samhain 2024. Glacadh an Cinneadh tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa

[26] C(2019) 1789 final.
[27] C(2011) 289 final.
[28] C(2018) 8264 final.
[29] C(2022) 9140 final.

Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair[30], obair ullmhúcháin le saineolaithe ó na Ballstáit agus vóta dearfach sa Choiste Eorpach um Chórais Chliste Iompair i mí Mheán Fómhair 2024 i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin. Chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara freisin i gcomhthéacs ceardlann phoiblí an 19 Márta 2024.

Sonraítear i gclár oibre CCI 2024-2028 raon feidhme agus amlíne na ngníomhaíochtaí atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh chun Treoir 2010/40/AE a chur chun feidhme a thuilleadh. Tá roinnt cúraimí uileghabhálacha beartaithe, go háirithe: (a) glacadh an teimpléid choitinn le haghaidh thuairisciú na mBallstát agus PTFanna in 2024; (b) athnuachan an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Chórais Chliste Iompair in 2024 (c) an tuarascáil seo ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme in 2026, agus an tuarascáil ar chumhachtaí tarmligthe in 2028; agus (d) athbhreithniú ar an Treoir maidir le córais chliste iompair in 2027-2028.

Baineann gníomhaíochtaí beartaithe eile le réimsí tosaíochta éagsúla na Treorach maidir le córais chliste iompair nó le leasuithe ar an Treoir féin. Tá tús curtha leis an obair cheana féin le haghaidh roinnt de na gníomhaíochtaí sin:

- A mhéid a bhaineann leis an obair ar shonraíochtaí CCI-C, reáchtáladh an chéad cheardlann i mí an Mheithimh 2025 le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair, chun cuidiú le raon feidhme an tionscnaimh a shainiú. Seolfaidh an Coimisiún staidéar tacaíochta in 2026.
- Cuireadh tús leis an obair ullmhúcháin chun aitheantóirí nód rochtana ilmhódacha a fhorbairt laistigh de thionscadail NAPCORE agus NAPCORE-X[31], arna gcomhchuspóirí ag an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE). Is é is aidhm do na tionscadail moltaí a chur ar fáil agus tacú le tuilleadh oibre leis na Ballstáit.
- Tugadh an staidéar taiscéalaíoch chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhaíochtaí comhlántacha i réimse na seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas chun críche i mí Iúil 2025[32]. Deimhníodh leis go raibh gá soiléir práinneach le gníomhaíocht chomhlántach. Déanfar tuilleadh comhairliúchán agus plé le saineolaithe ó na Ballstáit in 2026.
- Tá tús curtha leis an obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraíochtaí atá ann faoi láthair le haghaidh íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Tar éis na chéad cheardlainne i mí na Nollag 2024 le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair, sheol an Coimisiún staidéar, lena n-áirítear anailís ar chostais agus tairbhí, in 2025. Tá coinne leis go nglacfar na sonraíochtaí a tugadh cothrom le dáta in R3 2026.
- Tá tús curtha leis an obair ar athbhreithniú a dhéanamh ar na sonraíochtaí atá ann faoi láthair le haghaidh áiteanna páirceála sábháilte slána do thrucailí agus d’fheithiclí tráchtála. Tar éis na chéad cheardlainne i mí Eanáir 2026 le páirtithe leasmhara poiblí

[30] Foilsítear miontuairiscí chruinniú an 6 Meitheamh 2024 i gClár Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna, códuimhir E02736.
[31] https://napcore.eu/.
[32] Staidéar taiscéalaíoch chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le gníomhaíocht chomhlántach i réimse na seirbhísí feabhsaithe um bainistíocht tráchta agus teagmhas - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

agus príobháideacha, lena n-áirítear an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair, seolfaidh an Coimisiún staidéar, lena n-áirítear anailís ar chostais agus tairbhí, in 2026. Tá coinne leis go nglacfar na sonraíochtaí a tugadh cothrom le dáta in 2027.

### 2.3 Caighdeáin

Tá iarrachtaí caighdeánaithe ag leanúint ar aghaidh i roinnt réimsí tábhachtacha, rud a thacaíonn a thuilleadh le cur in úsáid na seirbhísí sna ceithre réimse tosaíochta den Treoir maidir le córais chliste iompair.

Forlíonadh na caighdeáin eCall le roinnt sonraíochtaí teicniúla lena gcumhdaítear cineálacha breise feithiclí (dé-rothaigh chumhachtaithe, cóistí agus busanna, feithiclí talmhaíochta, feithiclí earraí troma). Rinneadh é sin le tacaíocht ó thionscadal SAFE (2018-2021), a comhchodacha le SCE. In 2024 agus 2025, rinne na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú CEN-CENELEC agus ETSI na caighdeáin eCall a bhí ann cheana a oiriúnú agus chruthaigh siad caighdeáin nua eCall le haghaidh eCall paicéadlasctha chun tacú le huasghrádú feithiclí agus PFSPanna go líonraí cumarsáide soghluaiste 4G agus 5G[33].

Maidir le CCI-C, d'fhoilsigh ardán C-Roads[34], i gcomhar le CAR 2 CAR Communication Consortium[35], an chéad eisiúint den phróifíl chumarsáide chomhchuibhithe le haghaidh seirbhísí CCI-C i mí Mheán Fómhair 2025. Bhí sé sin bunaithe ar chaighdeáin ábhartha ETSI agus CEN agus bhí sé dírithe mar chéad chéim ar an bpróifíl chumarsáide le haghaidh cumarsáid ghearr-raoin IEEE 802.11p / ETSI ITS-G5.

Le gníomhaíochtaí tacaíochta cláir SCE NAPCORE (2021-2025) agus Data4PT (2020-2024), atá cumaiscthe anois i ngníomhaíocht cúnaimh theicniúil SCE NAPCORE-X (2025-2027), déantar comhordú ar ghníomhaíochtaí na mBallstát[36] a bhaineann le caighdeáin sonraí bóithre (Datex II[37] agus TN-ITS[38]), caighdeáin sonraí ilmhódacha (Tras-samhail, NeTEx agus SIRI)[39], foclóir sonraí[40] le haghaidh na gcatagóirí sonraí uile a áirítear sna rialacháin tharmligthe faoin Treoir maidir le córais chliste iompair, scéim meiteashonraí mobilityDCAT-AP[41] agus Ailtireacht Tagartha na bPointí Rochtana Náisiúnta[42] mar threoirphlean coiteann le haghaidh pointí rochtana náisiúnta comhchuibhithe agus idir-inoibritheacha.

Ar an gcaoi sin, is féidir caighdeáin a fhorbairt de shíor agus a choinneáil cothrom le dáta, agus is féidir pobail ghaolmhara a bhainistiú agus a fhorbairt. Eagraítear comhordú idir caighdeáin éagsúla agus ailíniú le pobail éagsúla páirtithe leasmhara, i réimsí amhail breoslaí malartacha, sábháilteacht ar bhóithre, faisnéis taistil agus CCI-C, chomh maith le comhar torthúil leis na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú.

---

33 eCall idir-inoibritheach ar fud an Aontais - Soghluaisteacht agus Iompar.
34 https://www.c-roads.eu/.
35 https://www.car-2-car.org/.
36 https://napcore.eu/standards/.
37 https://datex2.eu/.
38 https://tn-its.eu/.
39 https://data4pt-project.eu/.
40 https://github.com/NAPCORE/Data-dictionary.
41 https://mobilitydcat-ap.github.io/mobilityDCAT-AP/releases/index.html.
42 https://napcore.github.io/Reference-Architectures-website/.

Áirítear le forbairtí móra leanúnacha rannpháirtíocht trí thionscadal NAPCORE-X in obair ar leibhéal ISO maidir le caighdeáin le haghaidh Rialacháin maidir le Trácht Leictreonach a Bhainistiú agus an obair in eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú arna gcistiú ag an Aontas ar ábhair éagsúla amhail barrachód le haghaidh ticéid chomhcheangailte, bonneagar rothaíochta, malartú sonraí loma iompair phoiblí agus APInna áirithinte.

Tá faisnéis mhionsonraithe maidir le caighdeáin CCI atá ann cheana le fáil in EU-ICIP GUIDE i dtaca le Caighdeáin na gCóras Cliste Iompair, arna chistiú ag an Aontas Eorpach[43].

## 2.4 Rialacha maidir le cosaint sonraí agus le príobháideachas

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, áiríodh forálacha a bhaineann le cosaint sonraí agus príobháideachas i sonraíochtaí i gcás inarb iomchuí, lena soiléirítear nach mór reachtaíocht maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, tugadh cuireadh don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí freastal ar chruinnithe saineolaithe nuair is ábhartha agus tugadh aird chuí ar a thuairim, go háirithe agus athbhreithniú á dhéanamh ar na sonraíochtaí.

## 2.5 Rialacha maidir le dliteanas

Mar a luadh i dtuarascálacha roimhe seo, áiríodh forálacha a bhaineann le dliteanas i sonraíochtaí a leagtar síos sna rialacháin tharmligthe ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 11 den Treoir maidir le córais chliste iompair.

## 2.6 Tuairisciú na mBallstát

### *2.6.1 Rialacha nua maidir le tuairisciú*

Le hAirteagal 17 den Treoir maidir le córais chliste iompair, ceanglaítear ar na Ballstáit tuarascáil a chur isteach maidir le cur chun feidhme na Treorach agus a gníomhartha tarmligthe faoin 21 Márta 2025 agus gach 3 bliana tar éis na tuarascála tosaigh sin. Agus úsáid á baint as an teimpléad a ghlac an Coimisiún, tuairiscíonn na Ballstáit ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhthionscadail náisiúnta sna réimsí tosaíochta agus ar infhaighteacht na sonraí agus na seirbhísí a liostaítear in Iarscríbhinní III agus IV. Áirítear leis freisin PTFanna le haghaidh cur in úsáid, tairbhí agus infheistíochtaí, lena ndéantar idirdhealú idir táscairí sainordaitheacha agus táscairí breise, i gcur chuige céimnithe ag tosú le gréasán TEN-T agus mótarbhealaí. Pléadh an teimpléad sin le saineolaithe ó na Ballstáit ag trí chruinniú in 2024 agus glacadh é tar éis vóta dearfach sa Choiste Eorpach um Chórais Chliste Iompair i mí Mheán Fómhair 2024, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin.

Chun faisnéis bheartais ardleibhéil a sholáthar, ceanglaítear leis an teimpléad ar na Ballstáit a PTFanna maidir le cur in úsáid a thuairisciú, lena dtugtar léargas ar chur in úsáid agus ar thionchar threalamh agus sheirbhísí CCI san Aontas. Le haghaidh PTFanna maidir le tairbhe lena ndéantar meastóireacht ar thionchar sheirbhísí CCI ar am taistil, ar an líon tionóiscí bóthair agus ar astaíochtaí $CO_2$ a bhaineann le trácht, is é is cuspóir don teimpléad luachanna tagartha iontaofa a bhailiú bunaithe ar líon leordhóthanach samplaí ardcháilíochta. Leis sin, ba cheart go mbeifí in ann eachtarshuíomh stuama a dhéanamh, i bhfianaise na dteorainneacha bunúsacha a bhaineann leis na PTFanna sin a ríomh agus an dúshláin a bhaineann le tionchar CCI a leithlisiú ó thosca tionchair eile. Ar deireadh, ceanglaítear leis an teimpléad tuairisciú ar

[43] https://www.mobilityits.eu/.

PTFanna airgeadais, go háirithe infheistíocht bhliantúil agus costais bhliantúla oibriúcháin agus chothabhála le haghaidh CCInna bóthair.

Leis na rialacha nua maidir le tuairisciú, is féidir tuairisciú na mBallstát a shimpliú freisin, agus tuarascáil amháin a chur in ionad tuairisciú bliantúil nó débhliantúil le haghaidh na ngníomhartha tarmligthe gach 3 bliana le haghaidh na Treorach agus na ngníomhartha tarmligthe. Le cur chun feidhme an chur chuige nua sin agus athbhreithniú á dhéanamh ar na gníomhartha tarmligthe, cuirfear tuarascáil aonair in ionad 10 dtuarascáil de réir a chéile gach 3 bliana.

### *2.6.2 An méid a foghlaimíodh ón anailís ar thuarascálacha na mBallstát*

#### *2.6.2.1 Stádas sna réimsí tosaíochta éagsúla*

Thuairiscigh formhór na mBallstát gníomhaíocht mharthanach i réimse tosaíochta I. Maidir le seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach, tá a bpointí rochtana náisiúnta bunaithe ag na Ballstáit uile; mar sin féin, tá inrochtaineacht na sonraí agus comhlíonadh chaighdeáin an Aontais fós neamhréireach, agus beidh gá le roinnt pointí rochtana náisiúnta a uasghrádú chun tacú le rochtain ar na cineálacha sonraí uile. Chuir iarrachtaí maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara le foilsiú sonraí, ach tá éagothromaíochtaí móra ann idir na Ballstáit. Tá uirlisí coiteanna amhail mobilityDCAT-AP á gcur chun feidhme, in éineacht le tionscadail a chomhchistítear le SCE. Mar sin féin, is gá feabhas a chur ar chomhlíonadh caighdeán amhail NeTEx agus SIRI. Os a choinne sin, tá dul chun cinn déanta maidir le cur in úsáid faisnéise tráchta fíor-ama ar fud tionscnaimh náisiúnta agus Eorpacha, agus tá modhanna éagsúla gabhála sonraí i bhfeidhm trí úsáid a bhaint as ceamaraí agus braiteoirí. D’ainneoin dul chun cinn maidir le hinrochtaineacht agus malartú, tá neamhréireachtaí fós ann maidir le hinfhaighteacht sonraí statacha agus dinimiciúla. Tá caighdeáin amhail DATEX II agus TN-ITS á gcur chun feidhme go forleathan.

Maidir le réimse tosaíochta II, tá feabhas á chur ag na Ballstáit ar bhainistiú tráchta go gníomhach trí theicneolaíocht a chur in úsáid chun bonneagar iompair a bharrfheabhsú. Tá tionscnaimh amhail leathchúplaí digiteacha agus teicneolaíochtaí uathoibrithe á gcur chun feidhme chun trácht a léirshamhlú agus a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí. Cuimsíonn tionscadail modhanna iompair éagsúla lasmuigh de bhóithre, lena n-áirítear timpeallachtaí iarnróid agus uirbeacha ilmhódacha. Tá ról ríthábhachtach ag comhtháthú lastais, agus cathracha ag baint triail as réitigh éagsúla bainistithe rochtana lastais chun feabhas a chur ar fheidhmíocht an ghréasáin. Le tionscnaimh maidir le Faisnéis Leictreonach faoi Iompar Lastais (eFTI), is féidir aistriú chuig malartuithe sonraí digiteacha chun feabhas a chur ar shreafaí lóistíochta. Áirítear leis na dúshláin éiceachórais chasta a chomhtháthú agus comhéadain a chaighdeánú, rud a léiríonn an gá atá le tacaíocht chomhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach.

Léiríodh aibíocht sna tuarascálacha ar réimse tosaíochta III ach léiríodh freisin an gá atá le rannpháirtíocht leanúnach na hearnála príobháidí. Tá an córas eCall 112 curtha chun feidhme ag na Ballstáit uile, agus tá aistriú leanúnach chuig líonraí 4G/5G ar bun. Tá cumhdach maith ann maidir le sonraí statacha le haghaidh páirceáil shábháilte trucailí, cé go bhfuil bearnaí fós ann i dtaca le hinrochtaineacht sonraí, go háirithe le haghaidh na hearnála príobháidí. Leis an gcomhar laistigh den Ardán Sonraí um Shábháilteacht ar Bhóithre, cuirtear feabhas ar úsáid sonraí infheithicle agus ar bhrath teagmhas íosfhaisnéise uilechoitinn tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre. Le cóineasú íosfhaisnéise uilechoitinn tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre le CCI-C, leathnaítear raon seirbhíse. Mar sin féin, tá rochtain ar shonraí


príobháideacha íosfhaisnéise uilechoitinn tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre fós teoranta. Is é is aidhm do na hathbhreithnithe atá ar siúl faoi láthair ar Rialacháin Tharmligthe (AE) Uimh. 885/2013 agus 886/2013 aghaidh a thabhairt ar na teorainneacha sin.

Maidir le réimse tosaíochta IV, tuairiscíodh cuid mhaith tionscadal agus tionscnamh CCI-C, ag díriú ar phríomhghnéithe amhail cur chun feidhme allamuigh agus prótacail chumarsáide. Trí thionscadail chomhoibríocha lena gcuirtear comhchuibhiú chun cinn, cuireann roinnt tíortha seirbhísí oibríochtúla in úsáid anois ar bhonn sonraíochtaí coiteanna, d'ainneoin teipeanna reachtacha roimhe seo. Le hardán C-Roads, tháinig 16 Bhallstát agus tíortha eile le chéile chun comhchuibhiú a áirithiú maidir le cur in úsáid CCI-C, ag tacú le tionscadail éagsúla a chomhchistítear le SCE, amhail C-Roads Extended chun feabhas a chur ar cháilíocht seirbhísí a thuilleadh.


### *2.6.2.2 Infhaighteacht sonraí agus seirbhísí*

Déantar achoimre sna léaráidí seo a leanas ar infhaighteacht na dtacar sonraí ríthábhachtacha i dtaca le faisnéis tráchta fíor-ama, clár maidir le hiompar sábháilte inbhuanaithe agus íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir maidir le córais chliste iompair ar ghréasán bóithre TEN-T an Aontais (*ríomhtar sciar gach Ballstáit i gcomhréir le fad a TERN*).


*Fíor 1: Infhaighteacht sonraí faisnéise tráchta fíor-ama i dtaca le TERN*



*Fíor 2: Infhaighteacht shonraí an chláir maidir le hiompar sábháilte inbhuanaithe i dtaca le TERN*



*Fíor 3: Infhaighteacht sonraí íosfhaisnéise uilechoitinn tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre i dtaca le TERN*





Tá sonraí maidir le suíomh na nód rochtana sainaitheanta le haghaidh na seirbhísí sceidealaithe uile ar fáil do 37 % den ghréasán iompair iomlán. Mar sin féin, bíonn faisnéis maidir le hinrochtaineacht na nód rochtana agus na gconairí laistigh de phointe aistrithe ar iarraidh go minic.

Tá seirbhísí íosfhaisnéise uilechoitinn tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre (Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Treoir maidir le córais chliste iompair) curtha in úsáid anois ar 83 % de TERN, ach níor dhearbhaigh sé Bhallstát aon cheann.

#### *2.6.2.3 Príomhtháscaire feidhmíochta*

Déantar achoimre sa léaráid seo a leanas ar na PTFanna maidir le cur in úsáid ar TERN de chuid an Aontais (*ríomhtar sciar gach Ballstáit i gcomhréir le fad a TERN*):

*Fíor 4: PTFanna maidir le cur in úsáid ar TERN*




Ní raibh tuairisciú ar PTFanna maidir le tairbhe sainordaitheach in 2025, ach thuairiscigh roinnt Ballstát figiúirí le haghaidh na dtrí PTF maidir le tairbhe. Tuairiscíodh luachanna an-éagsúil maidir leis an athrú ar am taistil agus ar laghdú $CO_2$, agus laghduithe beaga de ghnáth ar leibhéal an ghréasáin ach laghduithe sách mór uaireanta i gcás stráicí áirithe den ghréasán roimh chur in úsáid réiteach CCI agus ina dhiaidh sin. Tuairiscíodh laghduithe níos substaintiúla i gcás an líon tionóiscí bóthair, fiú ar leibhéal an ghréasáin. Cuireadh i dtábhacht i roinnt tuarascálacha an deacracht a bhaineann le tionchar CCI a leithlisiú ó thosca eile (méadú ar thrácht, leictriú flít, etc.).

Cé go raibh sé sainordaitheach in 2025, bhí sé deacair do roinnt Ballstát tuairisciú ar PTFanna airgeadais agus bhí sé dodhéanta uaireanta iad a leithlisiú ó chostais fhoriomlána infheistíochta agus cothabhála bóthair. Is minic gurbh é a bhí i gceist le céatadán na hinfheistíochta CCI thart ar 1 % den infheistíocht fhoriomlán i mbóithre, ach shroich sé 4-6 % i roinnt Ballstát agus fiú os cionn 14 % i dtír amháin, rud atá ina léiriú is dócha ar thionscadail cur in úsáid nua a rinneadh le déanaí sna tíortha sin. Ar an gcaoi chéanna, bhí na costais phoiblí oibriúcháin agus

chothabhála idir EUR 2 000 agus EUR 4 000 in aghaidh an chiliméadair go minic, agus EUR 32 000 eisceachtúil in aghaidh an chiliméadair i mBallstát amháin.

### 2.7 An Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair

Le hAirteagal 16 den Treoir maidir le córais chliste iompair, ceanglaítear ar an gCoimisiún Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Cliste Iompair a bhunú chun comhairle a chur air maidir le gnéithe gnó agus teicniúla a bhaineann le CCI a chur in úsáid agus a úsáid. Bunaíodh an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair le Cinneadh ón gCoimisiún in 2011[44], a bhí i bhfeidhm go dtí mí Lúnasa 2017. Leis an gCinneadh leasaitheach a ghlac an Coimisiún an 22 Márta 2024, cuireadh deireadh leis an teorainn ama sin agus rinneadh sainordaitheach é dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair i dtaca le clár oibre na Treorach maidir le córais chliste iompair. Tar éis ghlacadh an Chinnidh leasaithe, sheol an Coimisiún glao nua ar iarratais maidir le comhaltaí de chuid an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Chórais Chliste Iompair agus roghnaíodh 25 chomhalta i mí na Bealtaine 2024.

Tháinig an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair le chéile den chéad uair an 6 Meitheamh 2024 chun dréachtchlár oibre CCI a phlé. Reáchtáladh ceardlanna coiteanna ina dhiaidh sin le comhaltaí den Choiste Eorpach um Chórais Chliste Iompair le haghaidh comhairliúcháin luatha maidir le raon feidhme ghníomhaíochtaí an chláir oibre: ar dtús i mí na Nollag 2024 chun plé a dhéanamh ar raon feidhme an athbhreithnithe ar an Rialachán Tarmligthe i dtaca le híosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus ansin i mí an Mheithimh 2025 chun plé a dhéanamh ar raon feidhme na sonraíochtaí le haghaidh CCI-C, agus le déanaí i mí Eanáir 2026 chun plé a dhéanamh ar raon feidhme an athbhreithnithe ar an Rialachán Tarmligthe maidir le clár i dtaca le hiompar sábháilte inbhuanaithe. An 19 Bealtaine 2025, i gcomhar le Comhdháil Eorpach CCI in Sevilla, bhí cruinniú neamhfhoirmiúil ag 'Cairde CCI' (is é sin comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach Eorpach agus den Choiste Eorpach um Chórais Chliste Iompair) chun plé a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Thionsclaíoch um an tionscal gluaisteán Eorpach[45].

Cuirtear an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair ar an eolas freisin faoi shuirbhéanna a bhaineann le CCI, faoi chomhairliúcháin phoiblí agus faoi cheardlanna agus tugtar cuireadh dó go tráthrialta páirt a ghlacadh iontu.

## 3 BEARTA TACAÍOCHTA AGUS COMHAR

Tá comhar agus cur in úsáid comhchuibhithe i gcroílár na Treorach maidir le córais chliste iompair agus a rialachán tarmligthe. Leis an leasú ar an Treoir maidir le córais chliste iompair in 2023, treisíodh na gnéithe sin trí oibleagáidí a thabhairt isteach do na Ballstáit dul i gcomhar, mar shampla trí thionscadail chomhordúcháin a fhaigheann tacaíocht ón Aontas agus, i gcás inar gá, le páirtithe leasmhara ábhartha maidir le gnéithe oibríochtúla de chur chun feidhme na sonraíochtaí.

Leis na tionscadail ilnáisiúnta CCI, a chomhchistítear le CEF agus a chumhdaíonn roinnt conairí TEN-T go minic, is féidir stráicí fada bóithre a fheistiú le bonneagar, trealamh agus seirbhísí CCI atá comhchuibhithe agus idir-inoibritheach. Tá 20 Ballstát ar an iomlán

[44] 2011/C 135/03, IO C 135, 5.5.2011, lch. 3.
[45] COM/2025/95 final.

rannpháirteach sna tionscadail ilnáisiúnta CCI MERIDIAN, MATIS/MATIS 2, X4ITS agus Verkko de chuid SCE atá ar siúl faoi láthair agus cumhdaíonn siad na mílte ciliméadar de chroíghréasán agus de ghréasán cuimsitheach TEN-T (TERN), lena ndéantar foráil maidir le cur in úsáid comhordaithe na seirbhísí CCI agus CCI-C.

Tá 15 Bhallstát ar an iomlán i réimse CCI-C rannpháirteach sa tionscadal C-Roads Extended, i gcomhar le tionscadail náisiúnta C-Roads agus le tionscadal SCALE. Tá seacht mBallstát agus an Mholdóiv rannpháirteach sa réimse eCall sa tionscadal X-HeERO. Tá 20 Ballstát, an Iorua agus mórsholáthraithe seirbhíse de chuid an Aontais rannpháirteach sa tionscadal TISGRADE agus iad ag obair le chéile ar bhailiú, cáilíocht agus bailíochtú sonraí agus ar uasghráduithe na bpointí rochtana náisiúnta.

Tá gníomhaíochtaí ghníomhaíochtaí tacaíochta iarchláir SCE DATEX II, Data4PT, TN-ITS GO agus NAPCORE cumaiscthe anois i ngníomhaíocht leanúnach cúnaimh theicniúil SCE NAPCORE-X (2025-2027), ina bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach agus lena gcumhdaítear na sonraíochtaí uile. Is é is cuspóir dó comhordú a dhéanamh ar ailíniú na ngnéithe oibríochtúla de chur chun feidhme na Treorach maidir le córais chliste iompair le haghaidh na sonraí bóithre agus ilmhódacha uile agus na ngnéithe uile a bhaineann le pointí rochtana náisiúnta (e.g. caighdeáin agus ailtireacht sonraí, sainmhínithe sonraí, meiteashonraí, cáilíocht sonraí, measúnú comhlíontachta, scaipeadh agus oiliúint) agus arb é is aidhm eile dó rannchuidiú leis an spás coiteann Eorpach do shonraí soghluaisteachta[46].

Is éard atá i gceist leis na gníomhaíochtaí ilnáisiúnta SCE sin anois formhór mór na dtionscadal CCI a chomhchistítear le SCE, i dtéarmaí líon agus mhéid na n-infheistíochtaí araon (féach thíos).

*Fíor 5: Rannpháirtíocht reatha na mBallstát i dtionscadail ilnáisiúnta CCI a chomhchistítear le SCE*

| Cód | AT | BE | BG | HR | CY | CZ | DK | EE | FI | FR | DE | EL | HU | IE | IT | LV | LT | LU | MT | NL | PL | PT | RO | SK | SI | ES | SE |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tionscadail ilnáisiúnta a chomhchistítear le SCE** | An Ostair | An Bheilg | An Bhulgáir | An Chróit | An Chipir | An tSeicia | An Danmhairg | An Eastóin | An Fhionlainn | An Fhrainc | An Ghearmáin | An Ghréig | An Ungáir | Éire | An Iodáil | An Laitvia | An Liotuáin | Lucsamburg | Málta | An Ísiltír | An Pholainn | An Phortaingéil | An Rómáin | An tSlóvaic | An tSlóivéin | An Spáinn | An tSualainn |
| VERKKO | X | X | | | X | | X | X | X | | X | | | X | X | X | | | | X | | | | | | | X |
| X4ITS | X | | | X | | X | | | | | | | X | | | | | | | | | | X | | X | | |
| MERIDIAN | | X | | | | | | | | | X | | | X | X | X | | | | X | | | | | | | |
| MATIS/MATIS2 | | | | | | | | | | X | | | | | X | | | | | | | X | | | | X | |
| SCALE | X | | | | | | | | | X | | | | | X | | | | | | | | | | | X | |
| C-Roads Extended | X | X | | | | X | | | X | X | X | X | | X | X | | | | | X | | X | X | X | X | X | |
| TISGRADE | X | X | | X | X | X | X | | X | X | X | X | X | | X | X | X | | X | X | | X | | | X | X | X |
| X-HeERO | | X | | | X | | | | | | X | | | | X | | | X | | | | | X | | | X | |
| NAPCORE/NAPCORE-X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X | X |

Le tionscnaimh leanúnacha na mBallstát amhail ardán C-Roads, Ardán Sonraí um Shábháilteacht ar Bhóithre[47] agus an tascfhórsa um fhaisnéis tráchta fíor-ama, is féidir tuilleadh comhordaithe agus comhair a dhéanamh idir na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha eile[48].

---

[46] COM(2023) 751 final.

[47] https://www.dataforroadsafety.eu/.

[48] Tugtar tuairisc níos mionsonraithe ar na tionscnaimh sin sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis seo.


## 4 ACMHAINNÍ AIRGEADAIS A ÚSÁIDTEAR AGUS A BHFUIL GÁ LEO

Ó foilsíodh an dara tuarascáil ar dhul chun cinn in 2019, tá dul chun cinn mór déanta maidir le seirbhísí a chur in úsáid. Ós rud é go bhfuil sé an-deacair an costas a bhaineann le cur chun feidhme na sonraíochtaí a leithlisiú go docht ón gcostas a bhaineann le seirbhísí CCI agus bonneagair fhisiceacha CCI a chur in úsáid agus a oibriú iad féin, ba cheart cuid de na figiúirí seo a leanas a thuiscint mar léargas ginearálta ar an iarracht fhoriomlán chun na seirbhísí sin a chur in úsáid, rud nach raibh ina cheanglas faoin Treoir maidir le córais chliste iompair féin.

Go háirithe, bhí ról lárnach ag buiséad SCE (SCE 1 agus 2, lena n-áirítear tionscadail arna gcistiú faoin mbuiséad Comhtháthaithe) chun tacú leis an gcur in úsáid sin. Sa tréimhse 2014-2025, cuireadh leis níos mó ná EUR 850 milliún de chistiú ón Aontas ar fáil, rud a spreag infheistíochtaí EUR 1,9 billiún chun seirbhísí CCI (lena n-áirítear eCall) agus CCI-C a chur in úsáid[49].

Le 5 bliana anuas, tá formhór mór na gcistí sin tiomnaithe do thionscadail ilnáisiúnta CCI mar a thugtar tuairisc orthu thuas, agus mairfidh cuid acu go dtí deireadh 2027. Léirítear i bhFíor 6 thíos an sciar den chistiú in EUR in aghaidh na tíre le haghaidh na naoi dtionscadal ilnáisiúnta CCI sin atá ar siúl faoi láthair (seachas NAPCORE/NAPCORE-X).

*Fíor 6: Rannchuidiú ón Aontas le tionscadail ilnáisiúnta CCI de chuid SCE*




Ó foilsíodh an tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn, seoladh gníomhaíochtaí tacaíochta breise cláir SCE NAPCORE agus Data4PT, chomh maith le gníomhaíocht leanúnach cúnaimh theicniúil SCE NAPCORE-X ina bhfuil na Ballstáit uile rannpháirteach, chun tacú le cur chun feidhme na sonraíochtaí, lena n-áirítear an obair ullmhúcháin maidir le caighdeáin. Mar thoradh

[49] Foinse: An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA).

air sin, tá ranníocaíocht fhoriomlán uasta ón Aontas EUR 23,5 milliún ann. Ar an gcaoi chéanna, leithdháil Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin cistiú SCE ar Chóras Bainistíochta Dintiúr Slándála CCI-C an Aontais a bhunú agus a bhainistiú, ar chostas iomlán EUR 6,26 milliún don tréimhse 2017-2026.

Áirítear leis na costais bhreise na costais sin a thabhaítear agus athbhreithniú á dhéanamh ar na sonraíochtaí (faisnéis tráchta fíor-ama, seirbhísí faisnéise ar an iompar ilmhódach, eCall agus íosfhaisnéis uilechoiteann tráchta maidir le sábháilteacht ar bhóithre) agus ar an Treoir maidir le córais chliste iompair, a bhain le staidéir chomhairliúcháin (EUR 1,8 milliún le haghaidh 2018-2025), agus le himeachtaí a eagrú agus páirt a ghlacadh iontu, ar imeachtaí iad a chumhdaíonn CCI amhail Comhdhálacha CCI Domhanda agus Eorpacha (EUR 1,1 milliún le haghaidh 2018-2025).

Maidir le caighdeáin, tabhaíodh formhór na gcostas mar thoradh ar obair ullmhúcháin laistigh de ghníomhaíochtaí tacaíochta agus cúnaimh theicniúil cláir SCE thuasluaite, sa bhreis ar dheontais dhíreacha d'eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú (EUR 1,4 milliún le haghaidh 2018-2025).

Ó bhí paindéim 2020 ann, eagraíodh cruinnithe uile an Choiste um Chórais Chliste Iompair[50] agus an Ghrúpa Chomhairligh um Chórais Chliste Iompair[51] agus beagnach gach cruinniú de ghrúpa saineolaithe CCI agus d'Ardán Chur Chun Feidhme eCall Eorpach[52] trí fhíschomhdháil agus ní raibh sé riachtanach speansais a aisíoc dá bhrí sin.

Mar a luadh cheana sa dara tuarascáil ar dhul chun cinn, is cosúil go bhfuil na costais réasúnta a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach maidir le córais chliste iompair agus a rialachán tarmligthe, a bhaineann den chuid is mó le héascaíocht agus comhchuibhiú a dhéanamh ar rochtain ar shonraí atá le hathúsáid chun seirbhísí CCI a fhorbairt. Is amhlaidh atá go háirithe nuair a chuirtear na costais sin i gcomparáid leis na costais a bhaineann leis na seirbhísí a chur in úsáid. Beidh gá le hiarracht leanúnach chun na ceanglais nua a eascraíonn as leasú 2023 ar an Treoir a chur chun feidhme, go háirithe maidir le hinfhaighteacht agus cur in úsáid sainordaitheach na sonraí agus na seirbhísí ríthábhachtacha.

## 5 CONCLÚID

Tá dul chun cinn mór déanta i dtaca leis an Treoir maidir le córais chliste iompair a chur chun feidhme ó glacadh í. Leis an leasú a rinneadh le déanaí le Treoir (AE) 2023/2661, tugadh isteach athruithe ríthábhachtacha, go háirithe chun feabhas a chur ar inrochtaineacht, comhordú agus comhtháthú sonraí le téamaí nua CCI. Leis na tionscnaimh chomhoibríocha arna spreagadh ag cistiú SCE, éascaíodh cur in úsáid forleathan seirbhísí CCI agus CCI-C ar fud TERN agus níos faide i gcéin, agus á chur i dtábhacht a thábhachtaí atá comhar idir na Ballstáit agus páirtithe leasmhara agus comhchuibhiú agus cáilíocht seirbhísí fheabhsaithe á gcur chun cinn freisin trí ghníomhaíocht chomhordaithe. Bhí costais réasúnta ag baint leis an gcur in úsáid

---

[50] https://ec.europa.eu/transparency/comitology-register/screen/committees/C39400.

[51] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=1941.

[52] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=ga&groupID=2481.

sin, beidh gá le hiarrachtaí leanúnacha chun aghaidh a thabhairt ar na ceanglais nua a tugadh isteach le leasú 2023. Bhí an Coiste Eorpach agus an Grúpa Comhairleach Eorpach um Chórais Chliste Iompair, chomh maith le comhar le saineolaithe ó na Ballstáit agus eatarthu, ríthábhachtach chun na forbairtí sin a mhúnlú agus a threorú.

Tá forbairt mhór tagtha ar an tuairisciú mar gur tugadh an teimpléid nua agus PTFanna nua isteach lenar féidir tuiscint níos fearr a fháil ar chur in úsáid, tionchair agus cistiú CCI. Cé gur dúshlán fós é tionchar réiteach CCI a leithlisiú go cruinn ó thosca gréasáin eile, thug an an tuairisciú léargas luachmhar mar sin féin ar threochtaí amhail laghduithe ar thionóiscí bóthair agus ar astaíochtaí $CO_2$. Leis an tiomantas do chomhar níos láidre idir na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara, ba cheart a áirithiú go leanfar de na forbairtí dearfacha sin, rud a chothóidh timpeallacht inar féidir rath a bheith ar CCI tríd an nuálaíocht agus tríd an gcomhar. Amach anseo, beidh infheistíocht mharthanach sa teicneolaíocht agus sa chaighdeánú ríthábhachtach chun CCI a ghiaráil le haghaidh soghluaisteacht fheabhsaithe agus sábháilteacht fheabhsaithe an iompair ar fud an Aontais.